

Cad é an rud é ús?

Nuair a fhaigheann tú airgead ar iasacht (iasacht), is féidir leat **ús a íoc**, agus nuair a chuireann tú airgead i dtaisce (infheistíocht) is féidir leat **ús a thuilleamh**. Íocann bainc, cumainn fhoirgníochta agus cumainn chomhar creidmheasa ús ar airgead a n-infheistítear iontu agus gearrann siad ús ar iasachtaí.

Cineálacha úis

Ríomhtar **Ús Simplí** mar chéatadán den bhuniasacht thar thréimhse ama shocraithe.

Ríomhtar **Ús Iolraithe** mar chéatadán den bhuniasacht chomh maith le hús curtha leis thar thréimhse leanúnach ama.



An dóigh a ríomhtar ús simplí

1. Ríomh ús bliana.
2. Iolraigh an freagra faoi líon na mblianta.

Sampla


Faigheann Niamh **£8000** óna banc le carr a cheannach, agus íocfaidh sí sin ar ais thar **dhá bhliain**.

Gearrann an banc **3%** ús simplí sa bhliain.

Cá mhéad ús a íocfaidh Niamh ar a hiasacht?

1. 3% de £8000 = £240 ús gearrtha sa bhliain
2. £240 × 2 = **£480** ús gearrtha le dhá bhliain
£8000 × 0.03 × 2 = £480

$$\text{Ús simplí} = \text{príomhshuim} \times \text{ráta úis} \times \text{am}$$



Ús simplí a úsáid le hiasacht iomlán nó le hinfheistíocht a ríomh

1. Ríomh ús bliana.
2. Iolraigh an freagra faoi líon na mblianta.
3. Faigh an t-iomlán nuair a shuimítear ús leis an bhunmhéid.

Sampla

Cuireann Liam **£5000** i gcuntas coigiltis a ofráilann **4% ús** sa bhliain.

Cá mhéad a bheidh ina chuntas i ndiaidh **trí bliana**?

1. 4% de £5000 = £200 ús tuillte in aon bhliain amháin
2. £200 × 3 = £600 ús tuillte thar trí bliana
3. £5000 + £600 = **£5600** iomlán sa chuntas coigiltis
£5000 + (£5000 × 0.04 × 3) = £5600

$$\text{iomlán} = \text{príomhshuim} + \text{ús simplí}$$

Agus ús simplí i gceist fanann an t-ús gearrtha/tuillte mar an gcéanna gach bliain.

Leibhéal 6

Céatadán a úsáid le hús simplí a ríomh.


Cad é an rud é ús?

Nuair a fhaigheann tú airgead ar iasacht (iasacht), is féidir leat **ús a íoc**, agus nuair a chuireann tú airgead i dtaisce (infheistíocht) is féidir leat **ús a thuilleamh**. Íocann bainc, cumainn fhoirgníochta agus cumainn chomhar creidmheasa ús ar airgead a n-infheistítear iontu agus gearrann siad ús ar iasachtaí.

Cineálacha úis

Ríomhtar **Ús Simplí** mar chéatadán den bhuniasacht thar thréimhse ama shocraithe.

Ríomhtar **Ús Iolraithe** mar chéatadán den bhuniasacht chomh maith le hús curtha leis thar thréimhse leanúnach ama.



An dóigh le hús iolraithe a ríomh

1. Ríomh an t-ús don chéad thréimhse ama.
2. Cuir an freagra leis an mhéid roimhe.
3. Ríomh an t-ús don iomlán nua.
4. Déan céim 2 agus céim 3 do gach thréimhse ama nuair is gá.


Sampla

Cuireann Jude **£5000** i dtaisce i gcuntas coigiltis a ofráilann **4%** ús iolraithe in aghaidh na bliana.

Cá mhéad a bheidh ina chuntas coigiltis i ndiaidh **trí bliana**?

- | | |
|--------------------------------------|---|
| 1. 4% de £5000 = £200 | ús tuillte i mbliain 1 |
| 2. £200 + £5000 = £5200 | iomlán ag tús bliana 2 |
| 3. 4% de £5200 = £208 | ús tuillte i mbliain 2 |
| 4. £208 + £5200 = £5408 | iomlán ag tús bliana 3 |
| 5. 4% de £5408 = £216.32 | ús tuillte i mbliain 3 |
| 6. £216.32 + £5408 = £5624.32 | iomlán i gcuntas Jude ag deireadh na dtrí bliana. |

ús iolraithe



An dóigh le foirmle a úsáid le hús iolraithe a ríomh

Is féidir an foirmle **$A = P(1 + r)^t$** a úsáid le hús iolraithe a ríomh, ina bhfuil A mar iomlán an mhéid ag deireadh na thréimhse ama.

1. Sainithin luachanna do: **P** (an phríomhshuim), **r** (an ráta úis mar dheachúil) agus **t** (an thréimhse ama).
2. Cuir na luachanna seo san foirmle **$A = P(1 + r)^t$**
3. Úsáid áireamhán le luach **A** a oibriú amach.

Is dóigh éifeachtach é an foirmle le hús a ríomh thar líon mór blianta.

Sampla

Cuireann Lisa **£7000** i dtaisce i gcuntas coigiltis a ofráilann **4%** ús iolraithe in aghaidh na bliana.

Cá mhéad a bheidh ina cuntas coigiltis i ndiaidh **15 bliana**?

- | | |
|---|---|
| 1. P = 7000, r = 0.04, agus t = 15 | luachanna atá de dhíth don foirmle |
| 2. A = $7000 \times (1 + 0.04)^{15}$ | foirmle chríochnaithe |
| 3. A = 12606.60 | iomlán ag deireadh na 15 bliana £12 606.60 |

Le hús iolraithe méadaíonn ús gearrtha/tuillte go leanúnach ó bhliain go bliain.

$$A = P(1 + r)^t$$

Leibhéal 7

Céatadán a úsáid le hús iolraithe a ríomh.